Cuntas Leithreasa2016

# Vóta 27

# Comhar Idirnáisiúnta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gCúnamh Forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €1.98 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi phrionsabail cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas an méid seo a leanas:

***Dímheas***

Rinneadh dímheas ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta rátaí malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí neamh-inmhalartaithe go Euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa sin.

***Aisíocaíochtaí deontas***

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste déthaobhach agus ón gcomharchiste eile a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i conradh amháin chonradh dar luach €150,177 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Níor lorgadh iarratais don chonradh ós rud é gur bronnadh an conradh ar an aon soláthróir amháin a bhí cáilithe lena aghaidh.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn mar atá leagtha amach thíos.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú***

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach Ambasáid.
- Tugann speisialtóirí forbartha agus comhairleoirí cláir, a earcaítear go háitiúil agus a bhíonn cáilíochtaí sna réimsí ábhartha acu, tacaíocht don Ambasadóir agus don Cheann Forbartha sna cláir mhóra.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála láidir, ilbhliantúil ann do gach Clár Tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Chlár Straitéise Tíre (CST) a dhéanann an Grúpa Meastóireachta & Breithmheasa (PAEG) a cheadú agus a mheas; athbhreithniú lártéarma ar an gClár; agus meastóireacht deiridh ar an gClár nuair a thagann deireadh leis an téarma CST agus sula dtosaítear ag ullmhú an CST nua.
- Ina theannta sin tá próiseas pleanála gnó bliantúil láidir ar bun ag gach misean, lena n-áirítear measúnú ar rioscaí maidir le cur i bhfeidhm plean gnó agus tá rialuithe i bhfeidhm chun an riosca sin a bhainistiú. Déantar na pleananna agus cláir rioscaí sin a fhorbairt i gcomhar leis an gceannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.
- Tá Feidhm Airgeadais ar bun go háitiúil ag gach ambasáid, faoi cheannas cheann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Roinn Airgeadais sa Cheannoifig.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach íocaíocht, ag an gceannoifig agus ag na Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn.
- Chomh maith leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh sa cheannoifig (an tAonad Iniúchta agus Meastóireachta), tá a fheidhm iniúchta inmheánaigh féin ag gach misean i dTír Chomhpháirtí, faoi cheannas chuntasóir cuícháilithe a thuairiscíonn go díreach chuig an Ambasadóir agus chuig an Aonad Iniúchta agus Meastóireachta.

Chomh maith leis sin, tá córais láidre pleanála gnó i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí sa cheannoifig i ndáil le cúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí shibhialta), ina measc an buiséad foriomlán a cheadú ag Coiste Idir-rannach, monatóireacht ar chaiteachas ag Grúpa Bainistíochta Sinsearach ar bhonn míosúil agus Nósanna Imeachta láidre Bainistíochta Deontas roimh dháileadh na ndeontas agus ina dhiaidh.

Tá béim ar leith leagtha ar na córais bainistithe riosca a neartú ag leibhéal na hambasáide le fócas ar rioscaí agus rialuithe inmheánacha cuí a aithint maidir le gach gné dár gclár. Tá an córas bainistithe riosca deartha chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathraithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a ghlacadh a luaithe agus is féidir.

Ag leanúint ar aghaidh ón athbhreithniú measúnaithe córas 2013 ar fud na bPríomhthíortha atá i gComhpháirt linn glacadh céimeanna suntasacha chun córais bhainistíochta agus rialuithe inmheánacha a neartú tuilleadh ar fud gach gné den chlár cúnaimh. Tá clár i bhfeidhm chun caighdeáin bhainistíochta clár a fhorbairt a aithníonn réimsí ina bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh ar bhainistíocht clár agus tá na feabhsuithe sin á gcur i bhfeidhm i láthair na huaire. Tá an próiseas ag leanúint ar aghaidh agus é mar aidhm aige treoirlínte bainistíochta saolré tionscadail agus na rialacháin airgeadais a ghabhann leo a thabhairt isteach a thabharfaidh aghaidh ar na rioscaí ar leith a bhaineann le cláir cúnaimh.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bhainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla. Ní mór dom bheith ag brath ar Litir Dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtaítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Sócmhainní seasta***

Go stairiúil, soláthraíodh maoiniú caipitil chuig an Roinn trí Vóta 28, Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus níor soláthraíodh leithdháileadh ar leith caipitil do Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta, go dtí 2002. Dá bharr sin tá roinnt sócmhainní curtha san áireamh mar chuid de Shócmhainní Seasta Vóta 28, Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil, atá inchurtha i leith Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta. Tá an Roinn ag tabhairt faoi athbhreithniú ar na sócmhainní seo agus é i gceist sócmhainní ábhartha a aistriú chuig Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta, i 2017.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

26 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar nithe ag eascairt as an iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 14 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 do nithe áirithe a bhaineann le Vóta 27, Comhoibriú Idirnáisiúnta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2017

# Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais | 486,431 | 484,822 | 475,028 |
| | **Ollchaiteachas** | **486,431** | **484,822** | **475,028** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,150** | **1,518** | **1,557** |
| | **Glanchaiteachas** | **485,281** | **483,304** | **473,471** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le géilleadh | 1,977,290 | 2,001,715 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 14,916 | 14,437 | 14,595 |
| ii | Taisteal agus cothú | 2,100 | 1,514 | 1,767 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,800 | 1,654 | 1,931 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,650 | 1,369 | 1,405 |
| v | Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí bainteacha | 1,420 | 1,391 | 1,278 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 4,230 | 4,016 | 3,908 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 500 | 246 | 265 |
| viii | Tacaíocht maidir le cur chun cinn agus lóistín | 1,500 | 1,880 | 1,564 |
| | | 28,116 | 26,507 | 26,713 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 458,315 | 448,315 |
| Pá | | 14,437 | 14,595 |
| Neamhphá | | 12,070 | 12,118 |
| **Ollchaiteachas** | | **484,822** | **475,028** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,518** | **1,557** |
| **Glanchaiteachas** | | **483,304** | **473,471** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (689) | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 167 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (166) | | |
| Dímheas | 366 | | |
| | | (322) | (103) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (1,061) | | |
| Méadú i stoc | (32) | | |
| | | (1,093) | (696) |
| **Costas glan clár** | | **481,899** | **472,672** |

Nochtar an caiteachas íoctha ar vótaí eile agus na cíosanna barúlacha gaolmhara don chlár seo i nóta 1 de Vóta 28 – An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **8,644** | **8,322** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 10,778 | 6,042 |
| Stoic pháipéarachais | | 64 | 32 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,212 | 2,215 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 65 | 168 |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **14,119** | **8,457** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 146 | 210 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 686 | 103 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.6 | 587 | 1,070 |
| Ciste chúnamh déthaobhach agus chúnamh eile (deontas) | 7 | 9,570 | 5,037 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **10,989** | **6,420** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **3,130** | **2,037** |
| **Glansócmhainní** | | **11,774** | **10,359** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **11,774** | **10,359** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 10,359 | 9,560 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 485,281 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,977) | | |
| Glan vóta | | | 483,304 | 473,471 |
| Costas glan clár | 1 | | (481,889) | (472,672) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **11,774** | **10,359** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus Foirgnimh | Trealamh | Troscán agus Feistis | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2016 | 7,639 | 1,499 | 1,079 | 2,467 | 12,684 |
| Breiseanna | — | 243 | 9 | 437 | 689 |
| Diúscairtí | — | (52) | (5) | (312) | (369) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2016 | 7,639 | 1,690 | 1,083 | 2,592 | 13,004 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016 | — | 1,364 | 957 | 2,041 | 4,362 |
| Dímheas don bhliain | — | 94 | 49 | 223 | 366 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (52) | (4) | (312) | (368) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2016 | — | 1,406 | 1,002 | 1,952 | 4,360 |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016** | **7,639** | **284** | **81** | **640** | **8,644** |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **7,639** | **135** | **122** | **426** | **8,322** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 10,393 | 5,112 |
| Iarmhéid na gcuntas bainc Tráchtála | 395 | 930 |
| | 10,778 | 6,042 |

| **2.4 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna Eile Dochair | 65 | 168 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Seirbhísí Gairmiúla Cháin Shiarchoinneálach | 58 | 86 |
| Cáin Bhreisluacha | — | 17 |
| | 58 | 103 |
| Iarmhéideanna Eile Creidmheasa | 628 | — |
| | **686** | **103** |

| **2.6 An Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 1,977 | 2,002 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,390) | (932) |
| Glandliteanas don Státchiste | 587 | 1,070 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 10,778 | 6,042 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 65 | 168 |
| | 10,843 | 6,210 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (58) | (103) |
| Iarmhéideanna Creidmheasa: cuntas fionraí | (628) | — |
| Ciste chúnamh déthaobhach agus chúnamh eile (deontas) | (9,570) | (5,037) |
| | (10,256) | (5,140) |
| | | |
| | 587 | 1,070 |

**2.7 Ceangaltais**

Is éard atá sa bhfigiúirí ceangaltais a luaitear thíos ná iomlán na suimeanna infhorfheidhmithe de réir dlí atá le híoc in 2017 agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa maoine thar lear agus le ceangaltais riaracháin eile.

Déantar anailís ar cheangaltais de réir dhul in éag an chonartha.

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais cíosa | 1,492 | 1,815 |
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe de réir an dlí | 1,492 | 1,815 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Aschur | Aschur |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 14,916 | 14,437 | 14,595 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 13,200 | 12,070 | 12,118 |
| A.3 | Íocaíocht don chiste deontais do chomhoibriú déthaobhach agus comhoibriú eile | 315,348 | 315,648 | 315,965 |
| A.4 | Cúnamh daonnúil éigeandála | 65,500 | 65,500 | 58,500 |
| A.5 | Íocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | 40,857 | 40,257 | 37,460 |
| A.6 | Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile | 36,610 | 36,910 | 36,390 |
| | | 486,431 | 484,822 | 475,028 |

**Athraithe suntasacha**

B'ionann an caiteachas don bhliain agus €1.6 milliún níos ísle ná mar a foráladh. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó)ná mar a foráladh€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 479 | Rinneadh sábháil faoin bhfo-mhírcheann riarachán pá. An fáth is mó a bhí leis sin ná an mhoill a bhí ann folúntais a líonadh mar go raibh ceadú ag teastáil chun tús a chur leis an bpróiseas earcaíochta d'fhoireann speisialtóra. |
| Riarachán - neamhphá | 1,130 | Rinneadh sábháil faoi na fo-mhírchinn riarachán neamhphá go príomha mar gheall ar airgead a shábháil ar thaisteal & cothabháil (a d'eascair as an mhoill a bhí ann folúntais foirne a líonadh) agus postas & teileachumarsáid (mar gheall ar na ceangail cumarsáide nua leis na Misin a chur i bhfeidhm). |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | 450 | 981 | 841 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 700 | 537 | 716 |
| | Iomlán | 1,150 | 1,518 | 1,557 |

**Míniú ar athraithe suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta tar éis aon choigeartú meastacháin forlíontach, de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

Bhí toradh na bliana €0.4milliún sa bhreis ar mar a foráladh. Ba mar thoradh orthu seo a leanas é sin:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó)ná mar a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Leithreasaí-i-gcabhair | (531) | Bhí leithreasaí-i-gcabhair níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar tháillí pasanna/consalachta níos airde, atá éileamh-bhunaithe, agus mar gheall ar na fáltais ar shócmhainní seasta a dhíol nuair a cinneadh feithiclí nua a chur in áit roinnt seanfheithiclí i rith na bliana. |
| Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean as luach saothair na seirbhíse poiblí | 163 | Bhí na fáltais ar asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall nach raibh costais pá chomh hard agus a bhíothas ag súil leis de bharr an mhoill a bhí ann folúntais a líonadh. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 204 | 196 |

| | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 13,196 | 12,989 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 12 | 37 |
| Liúntais eile | 19 | 19 |
| Ragobair | 52 | 62 |
| ÁSPC an Fhostóra | 865 | 825 |
| Slándáil shóisialach eachtrach agus costais eile | 293 | 663 |
| **Pá Iomlán** | **14,437** | **14,595** |

Chomh maith leis sin, cuirtear costais na foirne slándála sna misin chun dochair costais shlándála faoi chostais theagmhasacha.

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair<br>2016<br>€ | Uasíocaíocht Aonair<br>2015<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 7 | — | 4,143 | 10,926 |
| Liúntais eile | 7 | — | 5,627 | 7,194 |
| Ragobair | 15 | 1 | 10,398 | 9,869 |
| Lion na ndaoine a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 6 | 2 | 13,986 | 11,601 |

**5.2 Luach Saothair Eile**

Athfhostaíodh cúig státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille, ag costas iomlán de €51,959.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh ionann iad agus €38,667 le dhá iarbhall foirne an Aireachta.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €25,514 (10 gcás) (2015: €0). As sin, tá plean aisghabhála i bhfeidhm i leith €9,624 (4 chás).

# 6 Míreanna Ilghnéitheacha

**6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.6)**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA) | 7,750 | 7,750 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (CLNA) | 7,500 | 7,200 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (ACNAD) | 7,000 | 5,800 |
| Cláir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (CEDS) | 300 | 1,000 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 2,800 | 2,800 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,008 | 2,024 |
| UNAIDS | 2,648 | 2,700 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (CFNAM) | 1,500 | 1,500 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 412 | 490 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (GNAFO) | 4,000 | 4,000 |
| Ciste Iontaobhais UNEP | 169 | 250 |
| Deonaigh na Náisiún Aontaithe | 500 | 595 |
| Eile – ilghnéitheach | 323 | 281 |
| | 36,910 | 36,390 |

**6.2 Costais Dlí**

| | 2016 | | | | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon Cásanna** | **Costais Dlí arna n-íoc ag an Roinn** | **Costais Dlí a Dámhadh** | **Cúiteamh a Dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe an Vóta** | | | | | | |
| Éileamh ón bhfoireann ar dhúnadh na hAmbasáide | | — | — | — | — | 188 |
| | | — | — | — | — | 188 |

## 7 Cuntas maoinithe (deontas) dhéthaobhaigh agus maoinithe chomhoibrithe eile

**Líon na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 5,037 | 9,967 |
| Deontas | 315,648 | 315,965 |
| | 320,685 | 325,932 |
| Caiteachas don bhliain | (313,266) | (321,738) |
| Méideanna a aisíocadh i rith na bliana | 2,151 | 843 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 9,570 | 5,037 |

Ina theannta sin, ag 31 Nollaig 2016, bhí iarmhéideanna neamhchaite ar luach iomlán €1.2 milliún (2015: €1.5 milliún) á gcoimeád i gcuntais bhainc agus iad á rialú ag ambasáidí agus oifigí Chúnamh Éireann in aon tír déag.